Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2025/0246(COD)

4.2.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009 agus (CE) Uimh. 218/2009
(COM(2025)0435 – C10-0184/2025 – 2025/0246(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Sakis Arnaoutoglou

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 42

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 44

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1921/2006, (CE) Uimh. 762/2008, (CE) Uimh. 216/2009, (CE) Uimh. 217/2009 agus (CE) Uimh. 218/2009
(COM(2025)0435 – C10-0184/2025 – 2025/0246(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0435),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 338(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa (C10-0184/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo;

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ba cheart staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a cheapadh chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí straitéiseacha an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip[2] .	(2) Ba cheart staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa a cheapadh chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí straitéiseacha an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip[2] agus ***an***

Comhshocrú Eorpach um an Aigéan.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Faoi láthair, bailítear staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa ar bhonn cúig ghníomh dlí nach soláthraíonn comhsheasmhacht iomlán ar fud na réimsí staidrimh. Tá gá le comhchreat dlíthiúil chun comhsheasmhacht a áirithiú, próisis staidrimh a chuíchóiriú agus cur chuige níos iomlánaíche a chumasú.	(3) Faoi láthair, bailítear staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa ar bhonn cúig ghníomh dlí nach soláthraíonn comhsheasmhacht iomlán ar fud na réimsí staidrimh. Tá gá le creat coiteann dlíthiúil chun comhsheasmhacht a áirithiú, próisis staidrimh a chuíchóiriú agus cur chuige níos iomlánaíche a chumasú, ***chun brú neamhriachtanach ar oibrithe a laghdú, oibleagáidí tuairiscithe ilroinnte a sheachaint agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú dóibh siúd atá fostaithe in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe.***

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le staidreamh Eorpach níos mionsonraithe agus níos tráthúla chun tacú le beartais	(4) Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le staidreamh Eorpach níos mionsonraithe agus níos tráthúla chun tacú le beartais

agus reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme[3], chomh maith le tionscnaimh éagsúla de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear na pleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach[4] , dobharshaothrú inbhuanaithe[5] ,[6] , geilleagar gorm inbhuanaithe[7] , forbairt earnáil na n-algaí[8] , aistriú fuinnimh san iascach agus sa dobharshaothrú[9] , agus cosaint éiceachórais mhuirí[10] .

agus reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme[3] , chomh maith le tionscnaimh éagsúla de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear na pleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach[4] , dobharshaothrú inbhuanaithe[5] ,[6] , geilleagar gorm inbhuanaithe[7] , forbairt earnáil na n-algaí[8] , aistriú fuinnimh san iascach agus sa dobharshaothrú[9] , agus cosaint éiceachórais mhuirí[10] , ***ar choinníoll go bhfuil fíorghá le haon cheanglais nua sonraí, go bhfuil siad comhréireach, agus nach mbeidh ualach oibre breise ná costais indíreacha d'oibrithe, d'oibreoirí beaga ná do phobail áitiúla mar thoradh orthu.***

---

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj/eng; Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú. IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj; agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt (COM/2021/141 final).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU*

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj/eng; Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú. IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj; agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt (COM/2021/141 final).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU*

aquaculture for the period 2021 to 2030 [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú an Aontais atá níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021 go 2030] (COM/2021/236 final).

[6] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le Dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle (COM/2023/597 final).

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige nua do gheilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach *Transforming the EU's Blue Economy for a Sustainable Future* [Geilleagar Gorm an Aontais a Chlaochlú le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe] (COM/2021/240 final).

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector* [i dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas], (COM/2022/592 final).

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAistriú Fuinnimh earnáil Iascaigh agus Dobharshaothraithe an Aontais (COM(2023) 100 final).

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta an Aontais: *Protecting and restoring marine*

aquaculture for the period 2021 to 2030 [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú an Aontais atá níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021 go 2030], (COM/2021/236 final).

[6] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 762/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le tíolacadh staidrimh i ndáil le Dobharshaothrú ag Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 788/96 ón gComhairle (COM/2023/597 final).

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chuige nua do gheilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach *Transforming the EU's Blue Economy for a Sustainable Future* [Geilleagar Gorm an Aontais a Chlaochlú le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe] (COM/2021/240 final).

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Towards a Strong and Sustainable EU Algae Sector* [i dTreo Earnáil Láidir Inbhuanaithe Algaí san Aontas], (COM/2022/592 final).

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAistriú Fuinnimh earnáil Iascaigh agus Dobharshaothraithe an Aontais (COM(2023) 100 final).

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta an Aontais: *Protecting and restoring marine*

ecosystems for sustainable and resilient fisheries [Cosaint agus athbhunú na n-éiceachóras muirí le haghaidh iascach inbhuanaithe athléimneach] (COM/2023/102 final).	*ecosystems for sustainable and resilient fisheries* [Cosaint agus athbhunú na n-éiceachóras muirí le haghaidh iascach inbhuanaithe athléimneach] (COM/2023/102 final).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le bailiú rialta, córasach agus comhchuibhithe sonraí socheacnamaíocha chun críoch staidrimh in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe, chun tacú le ceapadh beartas láidir fianaisebhunaithe, faireachán éifeachtach agus meastóireacht chuimsitheach.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Tá comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht sonraí, chomh maith le formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe, ríthábhachtach d'éifeachtúlacht an bhailithe sonraí agus do cháilíocht staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa.	(9) Tá comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht sonraí, chomh maith le formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe, ríthábhachtach d'éifeachtúlacht an bhailithe sonraí agus do cháilíocht staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa***, agus chun a áirithiú gur féidir le hoibrithe agus saoránaigh brath ar fhaisnéis phoiblí atá soiléir, inchomparáide agus iontaofa.***

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart don Rialachán sin a iarrataí ar shonraí, a shainmhínithe, a mhodheolaíochtaí agus a fhormáidí tuairiscithe a ailíniú le hiarrataí, sainmhínithe, modheolaíochtaí agus formáidí tuairiscithe FAO agus ECFE chun comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht a fheabhsú, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.	(10) Ba cheart don Rialachán sin a iarrataí ar shonraí, a shainmhínithe, a mhodheolaíochtaí agus a fhormáidí tuairiscithe a ailíniú le hiarrataí, sainmhínithe, modheolaíochtaí agus formáidí tuairiscithe FAO agus ECFE chun comhleanúnachas, inchomparáideacht agus idir-inoibritheacht na sonraí a fheabhsú, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Tá staidreamh maidir le táirgeadh dobharshaothraithe orgánaigh ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le táirgeadh orgánach. Chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart sonraí riaracháin ó Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a úsáid a mhéid is féidir.	(12) Tá staidreamh maidir le táirgeadh dobharshaothraithe orgánaigh ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le táirgeadh orgánach. Chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart sonraí riaracháin ó Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a úsáid a mhéid is féidir, ***chun iarrataí dúblacha ar shonraí agus ualaí breise riaracháin a sheachaint.***
[17] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh	[17] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh

orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.	orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Chun freastal ar éilimh faisnéise atá ag teacht chun cinn, is féidir sonraí ad hoc maidir le hiascach agus dobharshaothrú a bhailiú. Ba cheart an iarraidh bhreise sin ar shonraí a bheith cuí-réasúnaithe agus níor cheart ualach díréireach a chur ar fhreagróirí ná ar údaráis náisiúnta léi.	(14) Chun freastal ar éilimh faisnéise atá ag teacht chun cinn, is féidir sonraí *ad hoc* maidir le hiascach agus dobharshaothrú a bhailiú. Ba cheart bunús cuí a bheith le hiarraidh bhreise ar shonraí den sórt sin agus níor cheart ualach díréireach a fhorchur léi ar fhreagróirí ná ar údaráis náisiúnta, ***ná níor cheart ualach oibre méadaithe, costais saothair gan íocaíocht ná costais indíreacha d'oibrithe agus d'oibreoirí ar mhionscála a bheith mar thoradh uirthi.***
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chun tuairisciú iolrach ó na Ballstáit a sheachaint, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) staidreamh ar ghabhálacha agus ar chabhlach iascaireachta an Aontais a tháirgeadh ó shonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais arna mbailiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[20] agus faoi	(17) Chun tuairisciú iolrach ó na Ballstáit a sheachaint, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) staidreamh ar ghabhálacha agus ar chabhlach iascaireachta an Aontais a tháirgeadh ó shonraí riaracháin ar leibhéal an Aontais arna mbailiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[20] agus

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218) ón gCoimisiún[21] , a mhéid is féidir.

faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218) ón gCoimisiún[21] , a mhéid is féidir, ***agus ar an gcaoi sin iarrataí ar shonraí a dhéantar arís agus arís eile a theorannú.***

[20] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

[21] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais C/2017/0504, IO L 34, 9.2.2017, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/218/oj.

[20] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

[21] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais C/2017/0504, IO L 34, 9.2.2017, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/218/oj.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Chun táirgeadh staidrimh a dhéanamh níos éifeachtúla, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foinsí agus modhanna éagsúla sonraí a úsáid, lena n-	(18) Chun táirgeadh staidrimh a dhéanamh níos éifeachtúla, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foinsí agus modhanna éagsúla sonraí a úsáid, lena n-

áirítear foinsí riaracháin, suirbhéanna, iontráil bharúlach, meastachán agus samhaltú. Ba cheart réitigh dhigiteacha, uirlisí faireacháin[22] agus cianbhraiteoirí a chur chun cinn freisin, agus cáilíocht, cruinneas, tráthúlacht agus inchomparáideacht an staidrimh á n-áirithiú an tráth céanna.	áirítear foinsí riaracháin, suirbhéanna, iontráil bharúlach, meastachán agus samhaltú. Ba cheart réitigh dhigiteacha, ***lena n-áirítear córais chianfhaireacháin leictreonacha (CFL),*** uirlisí faireacháin[22] agus cianbhraiteoirí a chur chun cinn freisin, agus cáilíocht, cruinneas, tráthúlacht agus inchomparáideacht an staidrimh á n-áirithiú an tráth céanna.
[22] Amhail clár an Aontais um fhaire na Cruinne, Copernicus, https://www.copernicus.eu/en.	[22] Amhail clár an Aontais um fhaire na Cruinne, Copernicus, https://www.copernicus.eu/en.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) D'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach ('ESSC') an Struchtúr Meiteashonraí Comhtháite Aonair ('SIMS')[23] mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud a rannchuidíonn le caighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna comhchuibhithe.	(22) D'fhormhuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach ('ESSC') an Struchtúr Meiteashonraí Comhtháite Aonair ('SIMS')[23] mar chaighdeán an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) le haghaidh tuairisciú cáilíochta, rud a rannchuidíonn le caighdeáin aonfhoirmeacha agus modhanna comhchuibhithe, ***agus a thacaíonn le trédhearcacht agus cuntasacht an tráth céanna.***
[23] SIMS dá dtagraítear in https://ec.europa.eu/eurostat/web/metadata/reference-metadata-reporting-standards.	[23] SIMS dá dtagraítear in https://ec.europa.eu/eurostat/web/metadata/reference-metadata-reporting-standards.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit agus ar an Aontas araon cistiú a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh do ranníocaíocht airgeadais ón Aontas i bhfoirm deontas.	(30) Chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit agus ar an Aontas araon cistiú a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le ranníocaíocht airgeadais ***ón Aontas*** i bhfoirm deontas, ***agus maidir leis an bhféidearthacht tacaíocht theicniúil, dhigiteach agus lóistíochta a sholáthar do na Ballstáit, go háirithe sna réigiúin iargúlta, sna réigiúin oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí den Aontas.***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhtháite le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le heastóscadh acmhainní bitheolaíocha ***na mara*** trí ghníomhaíochtaí iascaireachta agus lena gcur ar an margadh, agus le bunaíochtaí cabhlaigh gabhála, ***táirgthe dobharshaothraithe*** agus dobharshaothraithe an Aontais.	1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhtháite le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le heastóscadh agus ***táirgeadh*** acmhainní bitheolaíocha uisceacha trí ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ***dobharshaothraithe*** agus lena gcur ar an margadh, agus le bunaíochtaí cabhlaigh gabhála agus dobharshaothraithe an Aontais, ***lena n-áirítear staidreamh socheacnamaíoch.***

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:	Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na ***sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[1a] ón gComhairle agus in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.*** Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:
	[1a] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006. IO L 343, 22.12.2009, lch. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj
	[1b] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Beidh ag 'uiscí an Aontais', 'acmhainní bitheolaíocha na mara', 'soitheach iascaireachta', 'soitheach iascaireachta de chuid an Aontais', 'ábhar muirí aischurtha', 'dobharshaothrú', 'gníomhaíocht iascaireachta', 'táirgí iascaigh' agus 'táirgí dobharshaothraithe', an bhrí atá acu faoi na sainmhínithe comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (1), (2), (4), (5), (10), (25), (28), (29) agus (34) faoi seach de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] ;	***scriosta***

[33] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Beidh le 'cabhlach iascaireachta an Aontais' ***an bhrí atá aige faoin sainmhíniú comhfhreagrach a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún;***	(2) ciallaíonn 'cabhlach iascaireachta an Aontais' gach soitheach iascaireachta de chuid an ***Aontais a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige agus atá cláraithe san Aontas;***

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) beidh le 'ceadúnas iascaireachta', 'iascach áineasa' agus 'soitheach gabhála' an bhrí atá aige faoi na sainmhínithe comhfhreagracha a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (9), (28) agus (33) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;	***scriosta***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn 'iascaireacht tráchtála' saothrú tráchtála acmhainní bitheolaíocha na mara a dhéanann soitheach gabhála a bhfuil ceadúnas iascaireachta bailí aige, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ceadúnas aige nó atá cláraithe i gcóras malartach ***iascaireachta gan soitheach***;	(10) ciallaíonn 'iascaireacht tráchtála' saothrú tráchtála acmhainní bitheolaíocha na mara a dhéanann soitheach gabhála a bhfuil ceadúnas iascaireachta bailí aige, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil ceadúnas ***aige chun iascaireacht a dhéanamh gan soitheach*** nó atá cláraithe i gcóras malartach;

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ciallaíonn ‘bunaíocht dobharshaothraithe’ aon áitreabh atá teormharcáilte nó sainaitheanta ó thaobh riaracháin de ina dtarlaíonn dobharshaothrú, cé is moite de tháirgeadh uisceadáin agus speiceas ornáideach. Féadfaidh roinnt línte táirgthe a bheith ag an mbunaíocht dobharshaothraithe chéanna;	(14) ciallaíonn ‘bunaíocht dobharshaothraithe’ aon áitreabh atá teormharcáilte nó sainaitheanta ó thaobh riaracháin de ina dtarlaíonn dobharshaothrú, cé is moite de tháirgeadh uisceadáin agus speiceas ornáideach. Féadfaidh roinnt ***láithreán feirmeoireachta*** a bheith ag an mbunaíocht dobharshaothraithe chéanna;

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) ciallaíonn ‘dobharshaothrú’ saothrú orgánach uisceach, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh agus plandaí uisceacha. Is éard atá i gceist le feirmeoireacht cineál éigin idirghabhála sa phróiseas tógála chun táirgeadh a fheabhsú, amhail stocáil rialta, beathú nó cosaint ó chreachadóirí. Bíonn úinéireacht aonair nó úinéireacht chorparáideach ar an stoc atá á shaothrú i gceist leis an bhfeirmeoireacht freisin. Chun críocha staidrimh, nuair a shaothraíonn duine aonair nó comhlacht corparáideach orgánaigh uisceacha, ar leis iad le linn a dtréimhse tógála, cuirtear leis an dobharshaothrú, agus nuair is orgánaigh uisceacha atá insaothraithe ag an bpobal mar acmhainní maoine

coitinne, bíodh ceadúnais iomchuí acu nó ná bíodh, is saothrú iascach atá i gceist.

Or. en

Réasúnú

De réir shainmhíniú FAO ar dhobharshaothrú

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ciallaíonn ‘táirgeadh dobharshaothraithe’ ***an t-aschur ó*** dhobharshaothrú, lena n-áirítear táirgeadh ó ghorlanna agus ó iasclanna, a thairgtear lena dhíol;	(18) ciallaíonn ‘táirgeadh dobharshaothraithe’***meáchan na dtáirgí dobharshaothraithe a dhíoltar***, lena n-áirítear táirgeadh ó ghorlanna agus ó iasclanna, a thairgtear lena dhíol;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) ciallaíonn ‘eochraí’ mais na n-uibheacha éisc lena dtomhailt ag an duine, nach n-úsáidtear mar shreabhadh (ionchur) i dtáirgeadh dobharshaothraithe.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ceadúnas acu nó atá cláraithe i gcóras malartach iascaireachta chun ***iascaireacht a dhéanamh gan soitheach***;	(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ceadúnas acu ***chun iascaireacht a dhéanamh gan soitheach*** nó atá cláraithe i gcóras malartach ***do dhaoine atá i mbun na ngníomhaíochtaí sin***;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Chun an t-ualach riaracháin agus airgeadais a theorannú,*** féadfar Ballstát a ***dhíolmhú ó shonraí*** maidir le hathróg áirithe ***a chur faoi bhráid*** an Choimisiúin (Eurostat) más rud é:	3. ***Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin*** don Bhallstát ***lena mbaineann***, é a ***dhíolmhú ó shonraí*** maidir le hathróg áirithe ***a chur faoi bhráid*** an Choimisiúin (Eurostat) más rud é:

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Deonóidh an Coimisiún an díolúine dá dtagraítear i mír 3 don athróg lena mbaineann i gcás ina dtiteann sí faoi bhun na tairsí a shonraítear i gcomhréir le mír 5, pointe (g);

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. I gcás ina dtarchuireann Ballstát luach rúndachta chuig an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfidh sé comhiomlán uachtarach neamhrúnda freisin.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 5	***scriosta***
Bailiú sonraí ad hoc	
1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na sonraí atá le tarchur ag na Ballstáit ar bhonn ad hoc a shonrú, i gcás ina measter, laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, gur gá faisnéis bhreise a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise staidrimh. Sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe sin:	
(a) na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a bhaineann leis na réimsí a shonraítear in Airteagal 1 atá le cur san áireamh sa bhailiú sonraí ad hoc agus na cúiseanna atá le riachtanais bhreise staidrimh den sórt sin;	
(b) na tréimhsí tagartha.	
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh ag tosú ón mbliain tagartha [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Beidh eatramh dhá bhliain ar a laghad idir na sprioc-amanna chun	

bailiúcháin sonraí ad hoc leantacha a tharchur.

3. Chun críche na mbailiúchán ad hoc sonraí dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar na gnéithe teicniúla seo a leanas de na sonraí atá le tarchur, i gcás inarb iomchuí:

(a) an liosta athróg;

(b) tuairiscí na n-athróg;

(c) na haonaid tomhais;

(d) na hathróga maidir le speicis íogaire;

(e) na hathróga maidir le táirgeadh orgánach;

(f) na hathróga ar an leibhéal réigiúnach;

(g) na tairseacha chun athróga díolmhaithe a shainaithint;

(h) na ceanglais bheachtais;

(i) na rialacha modheolaíocha;

(j) na sprioc-amanna chun na sonraí a tharchur;

(k) na haonaid bhreathnóireachta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin faoin nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16(2) naoi mí ar a laghad roimh thús na bliana tagartha ábhartha.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Chun an t-ualach riaracháin agus an t-ualach ar fhreagróirí staidrimh a***	2. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad i ngach Ballstát sna sonraí maidir

laghdú, cumhdóidh na sonraí maidir le hiascach agus dobharshaothrú dá dtagraítear in Airteagal 1(2) an méid seo a leanas i ngach Ballstát ar a laghad:	le hiascach agus dobharshaothrú dá dtagraítear in Airteagal 1(2):

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
90 % de chabhlach gabhála an Aontais, do mheáchan na n-ábhar muirí aischurtha;	***100 %*** de chabhlach gabhála an Aontais, do mheáchan na n-ábhar muirí aischurtha;

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
95 % de mheáchan na ngabhálacha a thugtar i dtír;	***100 %*** de mheáchan na ngabhálacha a thugtar i dtír;

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fleasc 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
95 % de chabhlach gabhála an Aontais;	***100 %*** de chabhlach gabhála an Aontais;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Ní bheidh feidhm ag an gcumhdach a leagtar amach i mír 2 maidir le Ballstáit nach ndéanann agóid i gcoinne an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 7(1).

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun staidreamh Eorpach maidir le gabhálacha agus maidir le cabhlach gabhála an Aontais a tháirgeadh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí ábhartha ó na bunachair sonraí nó ó na cláir arna mbunú le dlí an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal ***8(2),*** a athúsáid, ar sonraí iad a choinníonn an Coimisiún ar bun nó a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta agus a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún orthu. Sula scaipfidh sé an staidreamh sin, rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis na húdaráis staidrimh náisiúnta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais rúndachta staidrimh. Má dhéanann Ballstát agóid in aghaidh athúsáid a shonraí náisiúnta ag an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí maidir le gabhálacha agus maidir leis an gcabhlach gabhála i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann bunús cuí le hagóid den sórt sin agus tabharfaidh sé fógra ina leith don Choimisiún (Eurostat) tráth nach	1. Chun staidreamh Eorpach maidir le gabhálacha, ***gabhálacha*** a thugtar i dtír agus cabhlach gabhála an Aontais a tháirgeadh, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí ábhartha ó na bunachair sonraí nó ó na cláir arna mbunú le dlí an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 8(1), a athúsáid, ar sonraí iad a choinníonn an Coimisiún ar bun nó a bhunaítear ar an leibhéal náisiúnta agus a bhfuil rochtain ag an gCoimisiún orthu. Sula scaipfidh sé an staidreamh sin, rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis na húdaráis staidrimh náisiúnta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar ***na ceanglais rúndachta staidrimh agus na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11***. Má dhéanann Ballstát agóid in aghaidh athúsáid a shonraí náisiúnta ag an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí maidir le gabhálacha, gabhálacha a thugtar i dtír agus maidir leis an gcabhlach ***gabhála*** i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe. Tabharfaidh an

déanaí ná ***12*** mhí roimh thús na bliana tagartha.	Ballstát lena mbaineann bunús cuí le hagóid den sórt sin agus tabharfaidh sé fógra ina leith don Choimisiún (Eurostat) tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh thús na bliana tagartha.
	Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun staidreamh Eorpach maidir le ***gabhálacha*** a thugtar i dtír ***agus*** maidir le dobharshaothrú a tháirgeadh, tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) staidreamh maidir le ***gabhálacha*** a thabhairt i dtír ***agus*** maidir le dobharshaothrú i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe.	2. Chun staidreamh Eorpach maidir le dobharshaothrú a tháirgeadh, tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) ***sonraí ábhartha maidir le dobharshaothrú dá dtagraítear in Airteagal 8, go háirithe bunachair sonraí nó cláir arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta. Sula scaipfidh sé*** an staidreamh sin, ***rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis na húdaráis staidrimh náisiúnta ábhartha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais rúndachta staidrimh agus na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11.*** ***Má dhéanann Ballstát agóid in aghaidh athúsáid a shonraí náisiúnta ag an gCoimisiún (Eurostat), tarchuirfidh sé chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí*** maidir le dobharshaothrú i bhfoirm tacair sonraí chomhiomlánaithe. ***Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann bunús cuí le hagóid den sórt sin agus tabharfaidh sé fógra ina leith don Choimisiún (Eurostat) tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh thús na bliana tagartha.***
	Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Má thagann sonraí ábhartha maidir le ***gabhálacha*** a thugtar i dtír nó maidir le dobharshaothrú ó bhunachair sonraí nó ó chláir eile arna mbunú le dlí an Aontais chun cinn, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí sin a athúsáid chun staidreamh a tháirgeadh de réir na nósanna imeachta céanna a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11.	3. Má thagann sonraí ábhartha maidir le dobharshaothrú ó bhunachair sonraí nó ó chláir eile arna mbunú le dlí an Aontais chun cinn, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) na sonraí sin a athúsáid chun staidreamh a tháirgeadh de réir na nósanna imeachta céanna a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll go gcomhlíonann na sonraí sin na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Beidh na Ballstáit i dteideal a iarraidh ar an gCoimisiún (Eurostat) sonraí a cheartú. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis an iarraidh sin ag brath ar an údar atá leis an gceartú. Cuirfear an t-údar sin, ar ghlacadh leis, ar fáil go poiblí.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Úsáidfidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na foinsí sonraí agus na modhanna seo a leanas, ar	***scriosta***

choinníoll go gcumasaíonn siad staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 11:

(a) foinsí sonraí riaracháin a shonraítear i mír 2;

(b) foinsí sonraí riaracháin bunaithe ar an dlí náisiúnta;

(c) suirbhéanna staidrimh;

(d) modhanna agus foinsí nuálacha, amhail uirlisí digiteacha agus cianbhraiteoirí.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***A mhéid a bhaineann le mír 1, pointe (a), den Airteagal seo***, féadfaidh na Ballstáit na sonraí ó na foinsí seo a leanas a úsáid:	2. ***Úsáidfidh*** na Ballstáit na sonraí ó na foinsí seo a leanas:

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as ceann amháin nó níos mó de na foinsí sonraí agus na modhanna seo a leanas, ar choinníoll go gcumasaíonn siad staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 11:

	(a) foinsí sonraí riaracháin bunaithe ar an dlí náisiúnta;
	(b) suirbhéanna staidrimh;
	(c) modhanna agus foinsí nuálacha, amhail uirlisí digiteacha, lena n-áirítear córais chianfhaireacháin leictreonacha nó cianbhraiteoirí.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críche mhír 3, tarchuirfidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair faoin [***le líonadh isteach go hiomchuí***], agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil cháilíochta ina mbeidh tuairisc ar na próisis staidrimh do na sonraí a tharchuirfear le linn na tréimhse, lena n-áirítear go háirithe:	4. Chun críche mhír 3, tarchuirfidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair faoin... [***12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil cháilíochta ina mbeidh tuairisc ar na próisis staidrimh do na sonraí a tharchuirfear le linn na tréimhse, lena n-áirítear go háirithe:

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bailiúcháin sonraí ad hoc dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán seo;	***scriosta***

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) modhanna agus cuir chuige nuálacha a úsáid, amhail uirlisí digiteacha agus cianbhraiteoirí, dá dtagraítear in Airteagal ***8(1)(d)*** den Rialachán seo.	(b) modhanna agus cuir chuige nuálacha a úsáid, amhail uirlisí digiteacha agus cianbhraiteoirí, dá dtagraítear in Airteagal ***8(2a)(c)*** den Rialachán seo.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].	***scriosta***

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagail 4(4) agus 5(1)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun tarmligean cumhachta a chúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh an lá	4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 4(4)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun tarmligean cumhachta a chúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris

tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.	Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
	Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.	5. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí freisin agus gníomh tarmligthe á ullmhú aige.***
	Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 4(4) nó 5(1)*** i bhfeidhm ach amháin má tá agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an	7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 4(4)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis

gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – mír a*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Topaic	**Topaicí mionsonraithe**	Minicíochtaí tarchuir	**Tréimhse thagartha**	**Toisí**	
				Speicis íogaire	**Réigiúnach**
Gabhálacha Cumhdófar leis na sonraí gabhálacha i ngach réigiún iascaireachta a FAO.	**Gabhálacha tráchtála** Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha tráchtála, de réir speicis, arna dtabhairt i dtír ag cabhlach iascaireachta an Aontais nó arna ndéanamh gan soitheach.	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme
	Ábhar muirí aischurtha Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha tráchtála a cuireadh ar ais san fharraige, de réir speicis.	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme
	Gabhálacha áineasa Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha áineasa, de réir	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
	speicis, gan beann ar náisiúntacht na ndaoine nádúrtha atá ag gabháil d'iascach áineasa.				
Gabhálacha a thugtar i dtír Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil na dtáirgí iascaigh ó ghabhálach a tráchtála: (a) tugtha i dtír agus díolta ag cabhlach iascaireachta an Aontais i ngach réigiún iascaireachta FAO; (b) tugtha i dtír agus díolta ag cabhlaigh nach cabhlaigh de chuid an Aontais iad i gcríoch an Aontais; (c) a dhéantar gan soitheach i gcríoch an	**Táirgí arna dtabhairt i dtír** Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil chéad díolacháin na dtáirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír, de réir speicis, roinnte de réir cur i láthair, na húsáide atá beartaithe agus bhratach an tsoithigh.	Bliantúil	Bliain féilire		Infheidhme

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
Aontais.					
Cabhlach gabhála Cumhdófar leis na sonraí cabhlach gabhála an Aontais.	**Struchtúr** Cumhdófar leis na sonraí príomhthréithe struchtúracha chabhlach gabhála an Aontais agus an trealaimh a úsáidtear.	Bliantúil	Bliain féilire		

Leasú

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
Gabhálacha Cumhdófar leis na sonraí gabhálacha i ngach réigiún iascaireachta a FAO.	**Gabhálacha tráchtála** Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha tráchtála, de réir speicis, arna dtabhairt i dtír ag cabhlach iascaireachta an Aontais nó ag gníomhaíocht iascaireachta gan soitheach.	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
	Ábhar muirí aischurtha Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha tráchtála a cuireadh ar ais san fharraige, de réir speicis.	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme
	Gabhálacha áineasa Cumhdófar leis na sonraí meáchan na ngabhálacha áineasa, de réir speicis, gan beann ar náisiúntacht na ndaoine nádúrtha atá ag gabháil d'iascach áineasa.	Bliantúil	Bliain féilire	Infheidhme	Infheidhme
Gabhálacha a thugtar i dtír Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil na dtáirgí iascaigh ó ghabhálach a tráchtála: (a) tugtha i dtír agus díolta ag cabhlach iascaireachta an Aontais i ngach	**Táirgí arna dtabhairt i dtír** Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil chéad díolachán na dtáirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír, de réir speicis, roinnte de réir cur i láthair, na húsáide atá beartaithe agus bhratach an tsoithigh.	Bliantúil	Bliain féilire		Infheidhme

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
réigiún iascaireachta FAO; (b) tugtha i dtír agus díolta ag cabhlaigh nach cabhlaigh de chuid an Aontais iad i gcríoch an Aontais; (c) a dhéantar gan soitheach i gcríoch an Aontais.					
Cabhlach gabhála Cumhdófar leis na sonraí cabhlach gabhála an Aontais.	**Struchtúr** Cumhdófar leis na sonraí príomhthréithe struchtúracha chabhlach gabhála an Aontais agus an trealaimh a úsáidtear.	Bliantúil	Bliain féilire		***Infheidhme***
	Struchtúr Sóisialta ***Cumhdófar leis na sonraí faisnéis dhéimeagrafach na n-iascairí sa chabhlach gabhála, lena n-áirítear leibhéal oideachais, aois agus struchtúr inscne***	***Bliantúil***	***Bliain féilire***		***Infheidhme***
	Struchtúr Eacnamaíoch ***Cumhdófar leis***	***Bliantúil***	***Bliain féilire***		***Infheidhme***

Topaic	Topaicí mionsonraithe	Minicíochtaí tarchuir	Tréimhse thagartha	Toisí	
				Speicis íogaire	Réigiúnach
	na sonraí an fhaisnéis maidir le sonraí eacnamaíocha an chabhlaigh gabhála, lena n-áirítear ídiú iomlán breosla, costais iomlána ar thuarastail agus costais iomlána chothabhála				

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn – mír b*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Topaic	***Topaicí mionsonraithe***	***Minicíochtaí tarchuir***	***Tréimhse thagartha***	***Toisí***	
				Orgánach	***Réigiúnach***
Táirgeadh dobharshaothraithe seachas gorlanna agus iasclanna *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil an táirgthe dobharshaothraithe le haghaidh tomhaltais.*	***Táirgí dobharshaothraithe seachas uibheacha*** *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na n-orgánach uisceach, de réir speicis, ag an gcéad díolachán, arna dtuairisciú i gcoibhéis bheomheáchain de tháirgeadh neamhphróiseáilte, roinnte de réir timpeallachta agus an mhodha táirgthe. Ní áireofar uibheacha dobharshaothraithe sna sonraí.*	*Bliantúil*	*Bliain féilire*	*Infheidhme*	*Infheidhme*

Topaic	*Topaicí mionsonraithe*	*Minicíochtaí tarchuir*	*Tréimhse thagartha*	*Toisí*	
				Orgánach	*Réigiúnach*
	Uibheacha dobharshaothraithe *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na n-uibheacha dobharshaothraithe, de réir speicis, ar an gcéad díolachán, arna dtuairisciú i gcoibhéis mheáchain úir den táirgeadh neamhphróiseáilte, roinnte de réir timpeallachta.*				*Infheidhme*
Sreafaí sa dobharshaothrú *Cumhdófar leis na sonraí na sreafaí dobharshaothraithe nach le haghaidh tomhaltais iad.*	***Dobharshaothrú gabháil-bhunaithe*** *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na ngabhálacha ón bhfiántas, de réir speicis, le haghaidh fás ar siúl i mbunaíochtaí dobharshaothraithe.*	*Bliantúil*	*Bliain féilire*		

Topaic	*Topaicí mionsonraithe*	*Minicíochtaí tarchuir*	*Tréimhse thagartha*	*Toisí*	
				Orgánach	*Réigiúnach*
	Táirgí ó ghorlanna agus ó iasclanna *Cumhdófar leis na sonraí táirgeadh gorlann agus iasclann, de réir speicis, de réir líon na ngorlann agus na bplandlann a tháirgtear agus a dhíoltar agus é beartaithe iad a scaoileadh amach san fhiadhúlra, roinnte de réir ceann scríbe úsáide agus céim sa tsaolré. Cumhdófar leis na sonraí luach airgeadúil na táirgeachta ó ghorlanna agus ó iasclanna, de réir speicis, ar an gcéad díolachán, le haghaidh fáis, roinnte de réir ceann scríbe úsáide agus céim sa tsaolré.*				
Bunaíochtaí dobharshaothraithe *Cumhdófar leis na sonraí struchtúr na mbunaíochtaí dobharshaothraithe.*	***Bunaíochtaí*** *Cumhdófar leis na sonraí líon agus tomhais na mbunaíochtaí dobharshaothraithe, arna roinnt de réir Thábla 11 i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún[1].*	*Gach dara bliain*	*Bliain féilire*		*Infheidhme*
_____					
[1] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe ó 2022 C/2021/2797 (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 51–90).					

Leasú

Topaic	*Topaicí mionsonraithe*	*Minicíochtaí tarchuir*	*Tréimhse thagartha*	*Toisí*	
				Orgánach	***Réigiúnach***
Táirgeadh dobharshaothraithe seachas gorlanna agus iasclanna *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach airgeadúil an táirgthe dobharshaothraithe le haghaidh tomhaltais.*	***Táirgí dobharshaothraithe seachas uibheacha*** *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na n-orgánach uisceach, de réir speicis, ag an gcéad díolachán, arna dtuairisciú i gcoibhéis bheomheáchain de tháirgeadh neamhphróiseáilte, roinnte de réir timpeallachta agus an mhodha táirgthe. Ní áireofar uibheacha dobharshaothraithe sna sonraí.*	*Bliantúil*	*Bliain féilire*	*Infheidhme*	*Infheidhme*
	Uibheacha dobharshaothraithe (eochraí) *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na n-uibheacha dobharshaothraithe lena thomhailt ag an duine, de réir speicis, ar an gcéad díolachán, arna dtuairisciú i gcoibhéis mheáchain úir den táirgeadh neamhphróiseáilte, roinnte de réir timpeallachta.*				*Infheidhme*
Sreafaí sa dobharshaothrú *Cumhdófar leis na sonraí na sreafaí dobharshaothraithe nach le haghaidh tomhaltais iad.*	***Dobharshaothrú gabháil-bhunaithe*** *Cumhdófar leis na sonraí meáchan agus luach na ngabhálacha ón bhfiántas, de réir speicis, le haghaidh fás ar siúl i mbunaíochtaí dobharshaothraithe.*	*Bliantúil*	*Bliain féilire*		

Topaic	*Topaicí mionsonraithe*	*Minicíochtaí tarchuir*	*Tréimhse thagartha*	*Toisí*	
				Orgánach	*Réigiúnach*
	Táirgí ó ghorlanna agus ó iasclanna *Cumhdófar leis na sonraí táirgeadh gorlann agus iasclann, de réir speicis, de réir líon na ngorlann agus na bplandlann a tháirgtear agus a dhíoltar agus é beartaithe iad a scaoileadh amach san fhiadhúlra, roinnte de réir ceann scríbe úsáide agus céim sa tsaolré. Cumhdófar leis na sonraí luach airgeadúil na táirgeachta ó ghorlanna agus ó iasclanna, de réir speicis, ar an gcéad díolachán, le haghaidh fáis, roinnte de réir ceann scríbe úsáide agus céim sa tsaolré.*				
Bunaíochtaí dobharshaothraithe *Cumhdófar leis na sonraí struchtúr na mbunaíochtaí dobharshaothraithe.*	***Bunaíochtaí*** *Cumhdófar leis na sonraí líon agus tomhais na mbunaíochtaí dobharshaothraithe, arna roinnt de réir Thábla 11 i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún[1].*	*Gach dara bliain*	*Bliain féilire*		*Infheidhme*
	Struchtúr Sóisialta ***Cumhdófar sna sonraí an fhaisnéis dhéimeagrafach faoi oibrithe i mbunaíochtaí dobharshaothraithe, lena n-áirítear leibhéal oideachais, aois agus struchtúr inscne***	***Gach dara bliain***	***Bliain féilire***		***Infheidhme***

Topaic	*Topaicí mionsonraithe*	*Minicíochtaí tarchuir*	*Tréimhse thagartha*	*Toisí*	
				Orgánach	*Réigiúnach*
	Struchtúr Eacnamaíoch Cumhdóidh na sonraí an fhaisnéis maidir le sonraí eacnamaíocha do bhunaíochtaí dobharshaothraithe, lena n-áirítear ídiú iomlán fuinnimh agus breosla, costais iomlána tuarastal agus costais iomlána chothabhála.	***Gach dara bliain***	***Bliain féilire***		***Infheidhme***

---

[1] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1167 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe ó 2022 C/2021/2797 (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 51–90).

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá staidreamh Eorpach atá iontaofa, cuimsitheach agus tráthúil fíor-riachtanach chun beartais agus reachtaíocht an Aontais a bhaineann le hiascach agus dobharshaothrú a cheapadh, a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe faoi raon feidhme an Chomhbheartais Iascaigh (CBI). Tá staidreamh ardcháilíochta mar bhonn agus mar thaca ag ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise agus cuireann sé ar chumas an Aontais measúnú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil na ngníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena n-áirítear a n-éifeachtaí ar fhorbairt gnó, ar fhostaíocht, ar shlándáil bia, ar an tsláinte phoiblí, ar cháilíocht uisce, ar bhithéagsúlacht, ar speicis agus gnáthóga íogaire, ar an athrú aeráide, agus ar fheidhmiú cuí na margaí.

Tá méadú ag teacht ar an ngá atá le staidreamh Eorpach níos mionsonraithe agus níos tráthúla chun tacú le beartais agus reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme, chomh maith le tionscnaimh éagsúla de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear na pleananna gníomhaíochta maidir le táirgeadh orgánach, dobharshaothrú inbhuanaithe, geilleagar gorm inbhuanaithe, forbairt earnáil na n-algaí, aistriú fuinnimh san iascach agus sa dobharshaothrú, agus éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú.

Faoi láthair, bailítear staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa bunaithe ar chúig ghníomh dlí nach soláthraíonn comhsheasmhacht iomlán ar fud réimsí staidrimh. Tá gá le comhchreat dlíthiúil chun comhsheasmhacht a áirithiú, próisis staidrimh a chuíchóiriú, agus cur chuige níos iomlánaíche a chumasú. Leagadh béim freisin sna rúin ón bParlaimint ar an tábhacht a bhaineann le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa.

Leis na leasuithe atá beartaithe ar an rialachán maidir le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe na hEorpa, neartaítear bunú creata chomhtháite iontaofa, agus béim shoiléir á leagan ar an ualach riaracháin a laghdú, ar oibrithe a chosaint, agus ar thrédhearcacht sa chinnteoireacht a fheabhsú. Is é an príomhchuspóir sonraí ardcháilíochta a bhailiú gan dúbailt, trí úsáid éigeantach a bhaint as foinsí riaracháin atá ann cheana agus trí ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta amhail caighdeáin FAO agus ECFE. Ag an am céanna, tugtar isteach prionsabal dian riachtanais agus comhréireachta le haghaidh aon cheanglais nua sonraí, chun ualach oibre iomarcach a sheachaint, go háirithe d'oibreoirí beaga agus do réigiúin iargúlta nó do na réigiúin is forimeallaí, a aithnítear go sainráite go bhfuil gá acu le tacaíocht spriocdhírithe theicniúil agus lóistíochta. Ar deireadh, bunaítear leis na leasuithe rannpháirtíocht fhóinteach na bpáirtithe leasmhara sula nglacfar gníomhartha tarmligthe, rud a threisíonn dlisteanacht dhaonlathach agus a chothaíonn muinín laistigh den earnáil sa chóras staidrimh.

Leathnaíonn siad an creat tagartha straitéiseach tríd an Rialachán nua a nascadh ní hamháin leis an gComhaontú Glas don Eoraip ach leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan freisin, agus trí bhéim a leagan ar an ngá atá le sonraí socheacnamaíocha a bhailiú go córasach agus go comhchuibhithe chun tacú le ceapadh beartas láidir fianaisebhunaithe.

Tá sé ríthábhachtach gnéithe den struchtúr sóisialta agus eacnamaíoch a áireamh sa staidreamh socheacnamaíoch chun tuiscint chuimsitheach a thabhairt ar na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe. Tacaíonn sonraí struchtúir shóisialta amhail aois, inscne agus leibhéal oideachais iascairí agus oibrithe dobharshaothraithe le measúnuithe ar chomhdhéanamh an lucht saothair, scileanna, cothromas agus inbhuanaitheacht ó ghlúin go glúin. Le sonraí maidir

le struchtúr eacnamaíoch lena gcumhdaítear tomhaltas breosla nó fuinnimh, costais tuarastail, agus caiteachas cothabhála le haghaidh cabhlaigh gabhála agus bunaíochtaí dobharshaothraithe, is féidir anailís láidir a dhéanamh ar chostais táirgthe, ar éifeachtúlacht, ar bhrabúsacht agus ar bhrúnna comhshaoil. I dteannta a chéile, neartaíonn na gnéithe sin dearadh beartais fianaisebhunaithe, pleanáil earnála, agus faireachán ar inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch.

Ó thaobh na hoibríochta de, neartaíonn na leasuithe cuspóir an tsimplithe riaracháin a thuilleadh. Moltar do na Ballstáit, agus i gcásanna áirithe is gá, sonraí maidir le rialú, cabhlach agus sonraí riaracháin eile a bailíodh cheana faoi CBI a athúsáid, agus solúbthacht á coinneáil ag an am céanna chun tacair sonraí chomhiomlánaithe a tharchur laistigh de sprioc-amanna níos giorra i gcás inarb iomchuí. Tugtar isteach tairseacha díolúine níos soiléire, agus cuirtear réitigh dhigiteacha chun cinn, lena n-áirítear uirlisí cianfhaireacháin leictreonacha, ar choinníoll go n-urramaítear go hiomlán cáilíocht sonraí, rúndacht agus cearta oibrithe. Ní mór aon cheartúcháin arna n-iarraidh ag na Ballstáit a láimhseáil go trédhearcach agus laistigh de nósanna imeachta dea-shainithe.

Ar an iomlán, féachann an creat athbhreithnithe le staidreamh iascaigh agus dobharshaothraithe Eorpach ardcháilíochta, inchomparáide agus tráthúil a chur ar fáil a thacaíonn le bainistiú inbhuanaithe comhshaoil, forbairt eacnamaíoch agus folláine shóisialta, agus ag an am céanna an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus cothroime a áirithiú ar fud na réigiún agus na ngníomhaithe laistigh den earnáil

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Federation of European aquaculture producers (FEAP)
Hellenic aquaculture producers organization (HAPO)
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)